C/2024/1214

30.1.2024

Foilsiú iarratais ar fhormheas a dhéanamh ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge, de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/1214)

Leis an bhfoilseachán seo, tugtar an ceart chun cur i gcoinne chur i bhfeidhm an leasaithe de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilseacháin seo.

IARRATAS AR LEASÚ AONTAIS AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE AINMNIÚCHÁIN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT NÓ TÁISC GHEOGRAFAIGH FAOI CHOSAINT DE THIONSCNAMH BALLSTÁIT

(Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012)

‘Dehesa de Extremadura’

Uimh. AE: PDO-ES-0076-AM01- 1.6.2023

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm an táirge**

‘Dehesa de Extremadura’

2. **Grúpa iarrthach agus leas dlisteanach**

Consejo Regulador D.O.P Dehesa de Extremadura
Calle Cánovas del Castillo s/n 2ª planta
06800 Mérida (Badajoz)
An Spáinn

Teil. +34 924330203

R-phost: info@dehesa-extremadura.com

Idirlíon: www.dehesa-extremadura.com

Aontaíodh ar an togra chun an tsonraíocht táirge a leasú le haghaidh ATFC ‘Dehesa de Extremadura’ ag cruinniú iomlánach an Bhoird Rialála (Consejo Regulador). Ghníomhaigh an Bord Rialála le haghaidh ATFC ‘Dehesa de Extremadura’ de réir a shainchúraim, lena gcuimsítear ‘leasuithe ar an tsonraíocht a mholadh’, i gcomhréir le hAirteagal 16(2)(g) de Dhlí 4/2010 an 28 Aibreán 2010 maidir le boird rialála le haghaidh ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a bhaineann leis an gcáilíocht agraibhia in Extremadura, agus Airteagal 52(1) de Dhlí 6/2015 an 24 Márta 2015 maidir le talmhaíocht in Extremadura á chur san áireamh. Is é an tionól iomlánach bord rialaithe coláisteach an Bhoird Rialála freisin, a n-áirítear ar a chumhachtaí an togra sin a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 10(4)(f) den Rialachán atá ann cheana lena rialaítear ATFC ‘Dehesa de Extremadura’ (Foraithne 77/2018 an 5 Meitheamh 2018).

3. **An Ballstát ina bhfuil an limistéar geografach**

An Spáinn

4. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge a ndéanann an leasú (na leasuithe) difear dó**

☐ Ainm an táirge

☒ Nasc

☐ Srianta margaíochta

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

5. **Cineál an leasaithe (nó na leasuithe)**

Comhfhreagraíonn na leasuithe atá formheasta, nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir le muca folaíochta den phór Ibéarach a dheimhniú, do leasuithe ar leibhéal an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2021/2117, ina gceadaítear an t-aicmiú mar leasú ar leibhéal Aontais óir gabhann 'srianta breise leis i dtaca le margaíocht a dhéanamh ar an táirge' leis na hathruithe.

6. **Leasú (nó leasuithe)**

1. Nasc

De réir na litreach ó uachtarán an Bhoird Rialála (Consejo Regulador), tá an 'leasú ar leibhéal an Aontais' atá beartaithe teoranta do 'chéatadán folaíochta an amhábhair ar dá thionscnamh iad na táirgí faoi chosaint', arb é is aidhm dó cosaint a thabhairt do 'tháirgí ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach agus dóibh sin amháin'.

Baineann na hathruithe seo a leanas leis sin:

Sonraíocht táirge, roinn B (Tuairisc ar an táirge), sa chaoi 'go dtagann liamhása agus guaillí go heisiach ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach', rud lena mbaintear an fhéidearthacht iad a bheith de bhunadh muc ag a bhfuil íosleibhéal folaíochta 75 % den phór Ibéarach. Ceanglaítear athruithe eile a dhéanamh sa mhír chéanna sin leis an athrú seo, agus is chun na críche sin amháin iad. Mar shampla, díothú na gceithre aicme d'ainmniúcháin na ndíolachán dá bhfuil i bhfeidhm faoi láthair, agus a n-ionadú le dhá aicme, agus le dhá aicme amháin: Aicme I (Liamhása agus guaillí de mhuca folaíochta den phór Ibéarach a bheathaítear ar dhearcáin) agus Aicme II (Liamhása agus guaillí de mhuca folaíochta den phór Ibéarach a ramhraítear le farae ar féarach).

Ar an gcaoi chéanna, ag a bhfuil d'aidhm arís, agus an aidhm sin amháin, chun a áirithiú nach dtagann liamhása agus guaillí ach amháin ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach, ní foláir mír de roinn D(b) (Seiceálacha agus deimhniúchán) a leasú, ina dtagraítear do chéatadán an phóir.

Achoimre ar na cúiseanna a bhfuil gá leis an leasú

De réir na litreach ó uachtarán an Bhoird Rialála, tá an moladh le haghaidh 'leasú Aontais' teoranta do 'chéatadán folaíochta an amhábhair ar dá thionscnamh iad na táirgí faoi chosaint', arb é is aidhm dó cosaint a thabhairt do 'tháirgí ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach agus dóibh sin amháin', agus 'feabhas' an táirge a mhéadú dá réir.

I gcomhréir leis na hathruithe atá molta ar an tsonraíocht táirge, ní foláir ranna 3.2 (Tuairisc ar an táirge) agus 3.3 (Beatha) a leasú dá réir.

DOICIMÉAD AONAIR

'Dehesa de Extremadura'

Uimh. AE: PDO-ES-0076-AM01- 1.6.2023

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

'Dehesa de Extremadura'

2. **Ballstát**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.2. Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Na liamhása agus liamhása guaillí a chumhdaítear leis an ATFC 'Dehesa de Extremadura', ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith acu:

Saintréithe fisiceacha:

Cuma sheachtrach: gnáthphróifíl shínte, stílithe an ghearrtha thraidisiúnta serrano 'V-chruthach', maille le crúibín.

Meáchan: 5.75 kg le haghaidh liamhás agus 4 kg le haghaidh liamhása guaillí ar a laghad.

Saintréithe orgánaileipteacha:

Dath agus cuma agus é gearrtha: dath saintréitheach idir bándearg agus deargchorcra, agus cuma mharmaraithe air agus é gearrtha.

Blas and dea-bholadh: feoil a bhfuil blas éadrom uirthi, gan blas an-ghoirt ná milis a bheith ar an bhfeoil. Dea-bholadh saintréitheach agus taitneamhach.

Uigeacht: níl an uigeacht an-snáithíneach.

Saill: snasta, dath buíbhán air, aramatach, agus blas deas air. Tá éagsúlach sa raimhre de réir sciar dearcán san aiste bia.

Saintréithe fisiceimiceacha:

Innéacs díhiodráitiúcháin: uasmhéid uisce de 50 % ar an dromchla agus 55 % sa chroí.

Clóiríd sóidiam: 5 % ar a mhéad.

Tuairiscí díolacháin:

Ag brath ar aicmiú agus beathú na n-ainmhithe, aicmítear liamhása agus liamhása guaillí mar a leanas:

Aicme I: tagann sé seo ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach a beathaíodh i gcomhréir leis na ceanglais chothaithe a leagtar amach sa tuairisc ar an táirge faoi mhír (a) le haghaidh muca a bheathaítear le dearcáin nó muca a chríochnaítear ar mheas. tagann sé seo ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach a beathaíodh i gcomhréir leis na ceanglais chothaithe a leagtar amach sa tuairisc ar an táirge faoi mhír (a) le haghaidh muca a bheathaítear le dearcáin nó muca a chríochnaítear ar mheas.

Liamhás guaillí ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach a bheathaítear le dearcáin: tagann sé seo ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach a beathaíodh i gcomhréir leis na ceanglais chothaithe a leagtar amach sa tuairisc ar an táirge faoi mhír (a) le haghaidh muca a bheathaítear le dearcáin nó muca a chríochnaítear ar mheas.

Aicme II: Liamhás ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach a ramhraítear le farae ar féarach: tagann sé seo ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach a beathaíodh i gcomhréir leis na ceanglais chothaithe a leagtar amach sa tuairisc ar an táirge faoi mhír (b) le haghaidh muca a ramhraítear le farae ar féarach.

Liamhás guaillí ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach a ramhraítear le farae ar féarach: tagann sé seo ó mhuca folaíochta den phór Ibéarach a beathaíodh i gcomhréir leis na ceanglais chothaithe a leagtar amach sa tuairisc ar an táirge faoi mhír (b) le haghaidh muca a ramhraítear le farae ar féarach.

3.3. *Beatha (maidir le táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (maidir le táirgí próiseáilte amháin)*

Is réigiún é Extremadura ina bhfuil traidisiún na feirmeoireachta beostoic, leis an gcóras talmhaíochta *dehesa* le fáil go fairsing ann, atá comhdhéanta d'fhéarach agus coillearnach darach oscailte (dair thoilm agus dair choirc). Is ann atá gnáthóg nádúrtha an phóir muice Ibéarach, a bheathaíonn ar dhearcáin, féara agus acmhainní nádúrtha eile an *dehesa*. Is tosca uile iad an comhshaol, an aiste bia atá bunaithe ar dhearcáin agus an pór a thagann le chéile chun a áirithiú go mbaineann an mhuc lánfhásta agus lánramhraithe barr a forbartha amach agus go dtáirgtear táirge den scoth léi lena mbaineann saintréithe eisceachtúla.

Is é an córas táirgthe traidisiúnta an phríomhthoisc agus an bhuntoisc lena gcinntear cáilíocht na muc den phór Ibéarach a úsáidfear chun liamhása agus liamhása guaillí den ATFC 'Dehesa de Extremadura' a tháirgeadh agus dá réir sin cáilíocht orgánaileipteach na dtáirgí faoi chosaint, córas ina mbeathaítear agus ina mbainistítear na muca faoi chóras fairsing feirmeoireachta le linn na céime ramhraithe deiridh, ag baint úsáid iomlán as acmhainní an *dehesa*, i.e. dearcáin, féara, féaraigh nádúrtha agus coinleach. Is le linn na céime deiridh sin is mó a mhéadaíonn meáchan na muc.

Roimh an gcéim sin, ceadaítear de réir an chórais traidisiúnta feirmeoireachta le haghaidh muca den phór Ibéarach in Extremadura na muca a bheathú ar acmhainní nádúrtha den chuid is mó den bhliain. Braitheann timthriall beatha fada na muc agus inbhuanaitheacht an chórais agrafhoraoiseachta *dehesa* go hiomlán ar chead a gcos a thabhairt do na muca trasna achar mór, agus iad ag beathú den chuid is mó ar fhéaraigh nádúrtha agus le linn na ráithí den bhliain, ar nós an fhómhair, an gheimhridh agus an earraigh, nuair is flúirseach iad na hacmhainní sin. Tá feidhm aige sin maidir le muca a bheathaítear le dearcáin agus muca a ramhraítear le farae ar féarach, ach ní mór aiste bia an dara cineál muc a fhorlíonadh le beatha le linn na céime ramhraithe deiridh.

Is gnách go ndéantar an bheatha fhorlíontach a úsáidtear le haghaidh muca a ramhraítear le farae ar féarach ó mheascán 75-85 % de ghránaigh agus 5-15 % de léagúim. Cruithneacht, eorna agus grán buí den chuid is mó atá sna gránaigh, ar a ndéantar feirmeoireacht go traidisiúnta sa limistéar geografach, i sciartha idir 15 % agus 55 % an ceann. Is iad piseanna and soighe na príomhléagúim.

Leis an innilt thraidisiúnta is gá de réir an chórais tógtha agus ramhraithe muc, agus toisc nach dtáirgtear sa cheantar ach an corr-chomhábhar amhail soighe, nach bhfuil ach ina chéatadán beag den bheatha, áirithítear as na soladaigh thirime iomlána a ídítear, go bhfuil an céatadán a thagann ón limistéar geografach os cionn na tairsí a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme.

I gcás na gcos tosaigh agus na gcos deiridh a úsáidtear chun liamhása agus liamhása guaillí ATFC 'Dehesa de Extremadura' a dhéanamh, ní mór go dtagann siad ó na cineálacha muc seo a leanas:

a) Muca a bheathaítear ar dhearcáin nó a chríochnaítear ar mheas: beathaítear na muca seo lena marú go díreach i ndiaidh dóibh beathú go heisiach ar aiste bia dearcán, féar agus acmhainní nádúrtha eile an dehesa gan aon fhorbheatha. Ní mór do na muca meánmheáchan idir 92 kg agus 115 kg a bheith orthu ag tús na tréimhse beathaithe ar mheas, agus ní mór dóibh 52 kg ar a laghad de bhreis meáchain a chur orthu leis an aiste bia sin gan aon chineál beatha eile, agus iad ag caitheamh íostréimhse os cionn 60 lá ar an *dehesa* sula maraítear ag aois 14 mhí ar a laghad iad. Ní mór do mheáchan na gconablach aonair a bheith 110 kg ar a laghad.

b) Muca ar féarach, a ramhraítear le farae: tógtar na muca seo ar ghabhálais fhairsinge, ramhraítear ar aiste bia iad le beatha a bhíonn comhdhéanta den chuid is mó as gránaigh agus léagúim, agus a chríochnaítear ar féarach ar feadh 90 lá ar a laghad roimh a marú. Ní mór do na trachanna beatha agus óil a bheith níos mó ná 100 m óna chéile, agus ní mór nach mó an dlús stocála ná 15 mhuc in aghaidh an heicteáir. Is é 12 mhí an aois íosta dá marú. Ní mór do mheáchan na gconablach aonair a bheith 110 kg ar a laghad.

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na muca a thógáil agus a ramhrú, agus na liamhása agus liamhása guaillí a phróiseáil laistigh den limistéar geografach a shainítear i bpointe 4.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar liamhása agus liamhása guaillí den ATFC 'Dehesa de Extremadura' a chur i láthair lena ndíol gan chnámh, ina slisní nó ina sciartha, ar choinníoll go ndéantar iad a phacáistiú agus gur féidir a dtionscnamh a shainaithint. Féadfaidh gnóthais an oibríocht sin a dhéanamh, ar gnóthais iad a ghlac leis an bprótacal, agus a chomhlíonann é, mar atá leagtha síos ag an mBord Rialála chun inrianaitheacht, tionscnamh, aitheantas agus cáilíocht deiridh an táirge a ráthú.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lipéad aitheantais a bheith ar liamhása agus liamhása guaillí faoi chosaint ar a bhfuil na focail 'D.O.P "Dehesa de Extremadura"' agus aicme an táirge, chomh maith leis an suaitheantas a thaispeántar i bpointe 3.6 den doiciméad aonair.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é *dehesa* ina bhfásann dair thoilm agus/nó dair choirc an limistéar táirgthe don amhábhar, atá le fáil i ngach bardas de Phobal Féinrialaitheach Extremadura, ina bhfuil cúigí Cáceres agus Badajoz, arb é an limistéar geografach don ATFC seo iad.

Déantar an táirge agus tugtar chun aibíochta é go díreach sa limistéar céanna ina dtáirgtear an t-amhábhar, is é sin Pobal Féinrialaitheach Extremadura.....

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tosca nádúrtha: agus tuairim is 1 mhilliún heicteár den dehesa le fáil ann, is parthas éiceolaíoch atá in Extremadura, óir tá sé ar cheann de na héiceachórais is fearr ó thaobh caomhantais de san Eoraip, ina maireann pórtha beostoic (muca den phór Ibéarach, caoirigh den phór Merino, eallach den phór Retinto) in aice leis na hainmhithe fiáine ar tearmann dóibh an ceantar céanna.

Tá réigiún Extremadura suite ar an gcuid thiar de chuid theas an ardchláir lártíre. Tá sé comhdhéanta de chúigí Cáceres agus Badajoz, agus trasnaíonn na trí shliabhraon seo a leanas é: ó thuaidh, sliabhraon Sistema Central, agus bunchnoic Sierra de Gredos; sa lár, síneann Sléibhte Toledo isteach ann, idir abhantracha an Tagus agus an Guadiana; agus ó dheas, bunchnoic Sierra Morena.

Is aeráid ilchríochach atá ann, a mbíonn tionchar ag aimsir mheasartha an Atlantaigh uirthi. Idir 16 °C agus 17 °C atá an mheánteocht bhliantúil, ach is féidir teochtaí chomh hard le 41 °C (i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa) a fháil ann, agus titeann siad chomh híseal le – 2 °C (i rith mhí na Nollag agus mhí Eanáir), agus bíonn an mheánfhrasaíocht bhliantúil idir 500 mm agus 1 200 mm.

Tosca stairiúla: faightear tagairtí iomadúla staire agus gastranómachais do mhuca in Extremadura; mar shampla:

— Dealbha míolchruthacha ón 5ú go dtí an 2ú haois R.C. ar a dtugtar 'Verracos', ainm a thagraíonn go soiléir do mhuca. Is féidir iad a fháil i roinnt ceantar in Extremadura, amhail Gleann Ambroz, Gleann Jerte, La Vera, La Jara, Campo Arañuelo, Cáceres, Botija, Santa Marta de Magasca agus Madrigalejo.

— Teacht chun cinn na 'siopaí búistéara' sna sráidbhailte Rómhánacha timpeall ar mhachairí torthúla an Guadiana, mar a raibh banbh balláin nach raibh ach 1 mhí d'aois slánaithe acu, nó 'luan amháin', mar a déarfadh daoine ag an am, ar cheann de na cineálacha bia ba choitianta i measc na scothaicme.

— Tá tagairtí cheana i gcairt bhardasach Montánchez, ón mbliain 1236, do dehesa atá tiomnaithe go heisiach do dhearcáin a tháirgeadh chun muca a bheathú.

— Déantar tagairt i bhfodhlíthe bardasacha Valencia de Alcántara, a ritheadh an 5 Lúnasa 1489, go sonrach do chúrsaí a bhaineann leis an muc den phór Ibéarach, is é sin caighdeáin dlí arbh éigean do phóraitheoirí, búistéirí agus marfóirí na muc den phór Ibéarach a chomhlíonadh. Ba ghearr gur leathnaíodh na dlíthe sin chuig na bardais chomharsanacha, amhail Alburquerque agus San Vicente de Alcántara, agus chuig Extremadura ina iomláine ansin (fodhlíthe bardasacha ó Torre de Don Miguel, 1534, 1564; fodhlíthe bardasacha Zafra, 1528; fodhlíthe bardasacha Cáceres, 1569 etc.).

— An chaibidil sa leabhar dar teideal Manual de Medicina (1616) leis an Dochtúir Iván de Sorapán ina bpléitear torthúlacht agus méithe Extremadura, cuirtear i dtábhacht ardcháilíocht na feola a bheathaítear le dearcáin agus an iliomad liamhás a fhaightear ann, a seoladh chomh fada i gcéin leis an Domhan Nua.

— Na tagairtí do 'ídiú níos mó ná 80 muc sa bhliain' sa leabhar le Diego Martínez Abad dar teideal Instrvccion de Vn pasajero para no errar el camino (1697), a tiomnaíodh do Mhainistir Mhuire Ghuadalúip.

— Sa Catastro de Ensenada (clárlann talún) ó 1752 tá na chéad taifid maidir le líon na muc, agus sonraí sonracha ann atá bainteach leis na blianta idir 1461 agus 1785. Coimeádtar i gcartlanna Mhainistir Ghuadalúip iad, a bhfuil clú uirthi dá traidisiún den aoireacht muc.

— Tagairtí i mbéaloideas Extremadura, ar nós na gceann san amhrán seo a leanas:

'D'Alcuescar quiero l'aceite [Ó Alcuescar, tá ola uaim]

De Montánchez el jamón [Ó Montánchez, liamhás]

D'Albalá quiero centeno [Ó Albalá, tá seagal uaim]

De Miajadas el turrón' [Ó Miajadas, turrón (cineál eithneagáin)]

Sainiúlacht an táirge

Is le foighne agus cúram a dhéanann táirgeoirí liamhás agus liamhás guaillí 'Dehesa de Extremadura', chun a áirithiú go mbaineann siad foirfeacht amach agus go mbaineann an dea-bholadh agus blas so-aitheanta sin leo.

Ní hionann sin amháin agus foras feasa ar an bpróiseas táirgthe, ach ar bhealach níos tábhachtaí, na tosca comhshaoil amhail bogthaise, teocht, am, etc., lena dtugtar a saintréithe orgánaileipteacha sonracha do na táirgí.

Cé gur gnáthamh fíorshimplí é salann a chur leis an táirge, tá próiseas fíorchasta i gceist leis ina dtéann an tsaill isteach ó dhromchla go dtí croí an táirge agus, toisc gur táirge tais-scópach é, ina mbrúitear an t-uisce amach i dtreo na sraithe seachtraí den táirge.

Déantar na liamhása agus na liamhása guaillí a chrochadh i seomraí ansin go dtí gur leor í salandacht chroí an táirge chun forbairt miocrorgánach a chosc. A luaithe a bhíonn an chéim suite curtha i gcrích, tosaíonn ar an aibiú.

Le linn aibiú, tagann sraith athruithe casta ar chomhpháirteanna an táirge, óna dtagann forbairt a saintréithe orgánaileipteacha. Crochtar na liamhása in áit atá aeráilte go maith le spreagadh a thabhairt do chailliúint taise, agus ina dhiaidh sin bogtar iad chuig seomra ina bhfuil bogthaise choibhneasta níos ísle, ina mbíonn na dálaí fabhrach d'fhorbairt a ndea-bholaidh, ar próiseas fíorchasta é, óir tagann roinnt athruithe ar chomhpháirteanna an amhábhair de bharr a millte, ar athruithe uathalaíocha roinnt díobh, agus ar de chineál miocróbach roinnt eile, de bharr flóra fungasach agus baictéarach a bheith i láthair ann. Tarlaíonn na hathruithe sin ar bhealach idirghníomhach, óir cuireann miocraeráidí an limistéir forbairt fíor-éiceachórais ar bun.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (maidir le STFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (maidir le TGFC)

Is córas agrafhoraoiseachta é éiceachóras *dehesa* ina gceadaítear acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach cothrom agus neamh-mhillteach. Caomhnaíodh an comhshaol luachmhar seo a bhuí den chuid is mó leis an muc den phór Ibéarach, arb é scoth na gnáthóige di é, agus is ann a tháirgtear na hamhábhair do na táirgí atá faoi chosaint an ATFC 'Dehesa de Extremadura'.

Is maith a fheileann an mhuc den phór Ibéarach don chomhshaol sin, agus tá sí mar chuid lárnach de shlí bheatha dá hídiú láithreach a tháinig anuas go dí an lá inniu ann, agus atá ina heiseamláir anois de gheilleagar inbhuanaithe, atá nasctha le slí bheatha inar mhair an duine, an *dehesa* agus an mhuc den phór Ibéarach agus na táirgí uaithi in aice a chéile leis na céadta bliain anuas ar an gcaoi chéanna, leis an bpór céanna agus leis an modh táirgthe ceardaíochta céanna, inarb iad na haon chomhábhar iad amhábhair uathúla, fios feasa an cheardaí, salann, gaoth agus am, a ndéantar an liamhás agus an liamhás guaillí 'Dehesa de Extremadura' de réir an mhodha ceardaíochta chéanna fós mar a dhéantaí ón anallód.

De bharr chomh fada ó dheas leis, tá aeráid ilchríochach in Extremadura ag a bhfuil tionchar ag aimsir mheasartha an Atlantaigh, rud a chruthaíonn teochtaí agus dálaí bogthaise ann a imríonn tionchar ansin ar tháirgeadh an amhábhair (ramhrú saor-raoin na muc den phór Ibéarach ar an *dehesa*) agus ar tháirgeadh an táirge deiridh araon. Is dálaí iontacha iad don sailleadh agus don aibiú, agus tugann siad saintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha sainiúla agus uathúla don táirge deiridh.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.juntaex.es/documents/77055/621148/Solicitud+modificacion+Pliego+Dehesa+Extremadura.+2022.pdf